Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 40

# Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta i gcomhair Vóta 40, iarrtar orm an Cuntas Leithreasa bliantúil i gcomhair an Vóta a ullmhú, agus an Cuntas a chur isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas ceangailte den tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 maidir le tuarastail agus costais Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, le haghaidh seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais a íoc lena n-áirítear deontais áirithe faoi scéimeanna teoranta airgid.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas le haghaidh na bliana.

(b) arna soláthar i gcomhair seirbhísí soláthair caipitil in 2017 amach as leithreasaí gan chaitheamh 2016, faoi na socruithe iarchurtha géillte arna leagan síos le halt 91 d'Acht Airgeadais 2004.

Tá farasbarr €58.70 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

## Ráiteas maidir le Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Is cuid den chuntas é an Ráiteas maidir le Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta. Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa de réir mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 25 de 2017 a chur chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

***Dímheas***

Tá an Campas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh, faoi coimirce an Aire agus áirítear é sna sócmhainní caipitil mar thalamh agus foirgnimh. Déantar foirgnimh a dímheas ag ráta 2% in aghaidh na bliana ar bhonn líne dírí thar an saolré ionchais measta. Ní dhéantar talamh a dhímheas.

Déantar mótarfheithicil a dhímheas thar thréimhse cúig bliana ar ráta de 20% sa bhliain.

***Íocaíochtaí le Pobal***

Íoctar cistí le Pobal maidir le seirbhísí áirithe a sholáthar ar bhonn gníomhaireachta. Cuireadh an méid iomlán a íocadh le Pobal sa bhliain chun dochair i gcoinne na bhfocheannteideal ábhartha sa bhliain (féach Nóta 6.2).

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Cuirtear an fhreagracht sin i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon córas rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go bhfuil cosaint ag sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go bhféadfaí iad a bhrath ar bhealach caoithiúil. Is próiseas leanúnach é na rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Soláthraítear seirbhísí áirithe do Vóta 40 ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gChomhaontuithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte chun seirbhísí airgeadais áirithe agus seirbhísí comhroinnte TFC a sholáthar agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun Seirbhísí Comhroinnte AD agus Párolla a sholáthar. Ina theannta sin, táim tar éis na bhfreagrachtaí de réir na gnáthaimh airgeadais phoiblí a bhaineann leis na seirbhísí airgeadais a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil maidir leis an gCampas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh, a chomhlíonadh. Maidir leis na freagrachtaí is deireanaí luaite, táthar tar éis socruithe a chur in ionad chun aistriú na seirbhísí sin ar ais chuig an Roinn seo le linn 2018.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta an ONSC freagrach as feidhmiú rialaithe airgeadais inmheánacha laistigh de na Lárionaid Seirbhísí Comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dheimhnithe ó gach aon cheann de hOifigigh Chuntasaíochta an Vóta don Roinn Sláinte, an Vóta don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Vóta don Oifig na Seirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialaithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Riarann Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne ar fud raon de chláir a bhaineann leis na luathbhlianta agus leis an aos óg. I 2017, cuireadh maoiniú de €426 milliún ar aghaidh do Phobal chun na críche sin (Nóta 6.2).

Déantar rialú a chur ar an gcaidreamh idir an Roinn agus Pobal le comhaontú seirbhíse uileghabhálach. Clúdaíonn an tréimhse idir 1 Meán Fómhair 2017 go deireadh 2020 an gcomhaontú seirbhíse, agus braitheann sé sin ar athbhreithniú bliantúil.

Bíonn feidhm ag comhaontú seirbhíse le gach uile chlár ar leith a chuireann Pobal in oibríocht ar son na Roinne, agus bíonn an comhaontú seirbhíse sin iarcheangailte le creatlach an chomhaontuithe seirbhíse uileghábhálaigh faoina n-oibríonn sé. Baineann breis is 96% de na híocaíochtaí a chuirtear ar aghaidh do Phobal le cláir luathbhlianta agus le cláir um chúram leanaí. Rinneadh comhaontú seirbhíse maidir leis an gcúram leanaí agus na luathbhlianta a shíneadh i Meán Fómhair 2016 agus rinneadh é a leasú i Samhain 2017.

Soláthraíonn Pobal tuarascálacha ráithiúla don Roinn maidir le torthaí na gcuairteanna comhlíonta a dhéanann sí. Leis na tuarascálacha sin, cuirtear bonn eolais leis an ábhar bainistíochta a bhíonn á phlé agus úsáidtear iad mar bhonn cumarsáide idir Pobal agus an Roinn maidir le comhlíonadh. Déanann Pobal roinnt iniúchtaí fíorúcháin ar sholáthraithe seirbhíse ina bhfuil rioscaí tugtha faoi deara chun deimhniú go bhfuil na soláthraithe ag feidhmiú de réir rialacha an chláir agus coinníollacha an chonartha. Tagann an Roinn agus Pobal le chéile gach mí chun cúrsaí a bhaineann le comhlíonadh a phlé.

Chomh maith leis sin, ullmhaíonn Pobal ráiteas cuntais míosúil de na hidirbhearta airgeadais dá gcuid, a gcuid iarmhéideanna banc san áireamh. Déanann an tAonad Airgeadais anailís ar na ráitis seo gach mí chun a dheimhniú go ndéantar na cuntais go léir a réitigh i gcoinne na n-údarás agus go ndéantar na hiarmhéideanna bainc a imréiteach go hionsaitheach, gan ligean dóibh dul i méid.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas ann i bhfeidhm:

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha i gcrích ar gach leibhéal áit ina bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i gcrích chun teipeanna móra rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.

- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm chun m'fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.
- Cuireann an bhainistíocht shinsearach sa Roinn a n-ainm le Ráiteas Dearbhaithe um Rialú Airgeadais maidir lena réimsí aonair freagrachta. Tá na Ráitis sin ar fáil domsa mar Oifigeach Cuntasaíochta chun bailchríoch a chur ar an gCuntas Leithreasa.
- Tá taifead déanta i ndoiciméid ar na nósanna imeachta príomhacha go léir.
- Tá córais socraithe chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní.

***Rialaithe riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear leithroinnt dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta. Ina measc sin tá siad seo a leanas:

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá á athbhreithniú go bliantúil ag an mbainistíocht shinsearach.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i gcoinne réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Tá córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann agus disciplíní foirmiúla chun tionscadail a bhainistiú.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas chun ceannacháin a dhéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. Is féidir liom a dheimhniú gur comhlíon an Roinn leis na treoracha seo le linn 2017.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le lucht pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Tá a chuid oibre á threorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Roinn nochta agus tá a chuid pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin, ar chláir riosca na Roinne agus ar an gcumarsáid idir Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus an bhainistíocht. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialaithe a chumhdach ar bhonn rollaithe thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar suas tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Feidhmíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh faoi threoir agus faoi smacht an Choiste Iniúchóireachta agus an Ard-Rúnaí. Buailim le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Bíonn Bord Bainistíochta na Roinne ag plé miontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta.

Tháinig folúntas chun cinn i bpost Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí i mí Lúnasa 2016. Tosaíodh ar earcú Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí lánaimseartha atá cáilithe go gairmiúil ag deireadh 2016 agus rinneadh ceapachán i mí Iúil 2017. Idir Eanáir agus Iúil 2017, rinne iniúchóir atá cáilithe go gairmiúil feidhm an Iniúchta Inmheánaigh a chomhlíonadh agus é ag feidhmiú ar bhonn comhairleacha le tacaíocht ó bhall foirne lánaimseartha atá ag obair san Aonad Iniúchta Inmheánaigh. Déanfar athbhreithniú seachtrach ar fheidhm iniúchóireachta inmheánach na Roinne déanach in 2018.

I dteannta leis an mbuansholáthar foirne san Aonad Iniúchóireachta Inmheánach, tugtar tacaíocht don fheidhm iniúchóireachta le conradh do sheirbhísí iniúchóireachta inmheánach le conraitheoir seachtrach go dtí deireadh 2018.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha a dhéantar chun déileáil leis na rioscaí sin agus, chomh fada is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhoilliú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann don Roinn agus tá na rioscaí sin aitheanta, tá measúnacht déanta orthu agus tá siad grádaithe in ord suntasachta. Chomh maith leis sin, tá ionadaíocht ag an mBord Bainistíochta ar Choiste Riosca na Roinne. Ina cháilíocht mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá an fhreagracht deiridh ar an Ard-Rúnaí as an mbainistíocht riosca mar chuid den chóras de rialaithe inmheánacha. Déanann an Coiste Riosca an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúla. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh ar shlí ina ndeimhnítear go ndéantar dóthain bainistíocht orthu.

Sa chlár rioscaí cuirtear síos sonraí ar na rialaithe agus ar na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar dualgais maidir le feidhmiú rialaithe do bhaill foirne ar leith.

Ba cheart suntas a dhéanamh de go bhfuil athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí ar an bhfráma rialúcháin déanta in 2018 agus go léirítear torthaí dearfacha ann.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá gnásanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh chomh maith leis an mbainisteoireacht agus an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi aon laigí rialaithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon laigí ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil gnásanna curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid gnásanna bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach airgeadais atá againn agus tá an bhainisteoireacht shinsearach sa Roinn freagrach as forbairt agus as cothabháil an creat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann le Rialú Airgeadais Inmheánach***

Rinneadh roinnt réimsí a shainaithint trí athbhreithnithe a rinne an Iniúchóireacht Inmheánach mar chuid den iniúchadh ar na ráitis airgeadais in 2017 agus sna blianta roimhe sin roinnt réimsí ina bhfuil gá le feabhsaithe a chur i bhfeidhm sa Roinn a aithint, de réir mar atá leagtha amach thíos.

*Rialú ar íocaíochtaí do Bhoird Oideachais agus Oiliúna*

Tugadh laigí sa rialú a dhéantar ar na híocaíochtaí leis na Boird Oideachais agus Oiliúna faoi deara i dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí i Márta 2017. Rinneadh suntas ann gur eisigh an Roinn íocaíocht bliana iomláine le Bord Oideachais agus Oiliúna nuair nach raibh i gceist aici ach íocaíocht eatramhach de €600,000. Tugadh suim de €2.47 milliún a íocadh de thimpiste í ar ais don Roinn.

Tá an Roinn tar éis an rialú a dhéanann í ar údaraithe íocaíochtaí a feabhsú chun deimhniú nach dtarlódh a leithéid d’earráid arís.

*Rialú ar na cláir chúram leanaí luathbhlianta*

I 2017, d'íoc an Roinn maoiniú de €320 milliún le roinnt mhaith clár cúraim leanaí luathbhlianta. I 2017, agus i mblianta roimhe sin, b'údar imní é leordhóthanacht na rialaithe a bhí i bhfeidhm ar na scéimeanna seo. Is í is cúis leis sin ná:

- Na torthaí de na tástálacha fíoraithe a mheas go raibh 14% de na conarthaí a ndearadh athbhreithniú orthu neamhchomhlíontach ar an mórscála sa tslí go raibh drochthionchar acmhainneacht/iarmhír ar an Státchiste. Baineann sé seo leis an tréimhse Samhain 2017 go hEanáir 2018 tar éis don Roinn an mhodheolaíocht aicmithe a chuireann sé i bhfeidhm a leasú.
- Moltaí a tugadh iad sna sála ar athbhreithniú a rinneadh ar an gClár Fóirdheontas Cúram Leanaí sa Phobal a críochnaíodh é i 2017 agus lenar sainaithin feabhsaithe a bhí de dhíth in eagraíochtaí deonaithe maidir le próisis rialaithe, ullmhúchán réiteach cuntas agus réiteach suimeanna deontas ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomparáid le hioncam a tugadh le fios é i ráitis airgeadais de chuid deonaithe.
- Tá róíocaíochtaí de thimpeall ar €1 milliún dlite ó sholáthraithe cúraim leanaí a rinneadh iad a shainaithint mar chuid de chlár comhlíonta Pobal ina bhfuil an dóigh íseal go leor go n-aisghabhfar an t-airgead.

Tá sé i gceist ag an Roinn tacaíochtaí breise a chur ar fáil do dheontaithe agus tá sí tar éis teacht ar aontas maidir le clár comhlíonta leasuithe lena ndeimhneofaí go ngnóthófaí aon róíocaíochtaí a tugadh faoi deara iad mar chuid de chlár comhlíonta Pobal agus go gcuirfear bac ar íocaíochtaí a dhéanann an Roinn le scéimeanna sa chás nach bhfuiltear ag tabhairt faoi cheist na comhlíonta.

Tá an Roinn sásta go ndéantar na rialaithe ar íocaíochtaí um chúram leanaí a neartú agus an riosca atá ann go dtarlaíonn neamhchomhlíonadh mar thoradh ar fhorfheidhmiú na gnásanna rialaithe leasaithe.

Sa mheántéarma, tá an Roinn ag beartú athbhreithniú straitéiseach ar an bpolasaí luathbhlianta agus ar an tsamhail mhaoiniúcháin chomh maith le tionscnamh scéim sruthlíneach amháin (an Scéim Cúraim Leanaí Inacmhainne) chun na scéimeanna deontais um chúram leanaí sonraithe a athchur.

*Rialú ar mhaoiniú a sholáthraítear trí Scéim Dheontais na Seirbhísí don Aos Óg*

Feidhmítear Pobal mar idirghabhálaí chun cuidiú leis an Roinn chun beagán sa bhreis ar €50 milliún de mhaoiniú bliantúil a chur ar fáil do líon fada de ghrúpaí agus d'eagraíochtaí le haghaidh seirbhís don aos óg agus le haghaidh cláir dheontais. Rinne Athbhreithniú ar Scéim Dheontais na Seirbhísí don Aos Óg lena mbaineann timpeall ar chúigiú den chaiteachas seo laigí a thabhairt chun solais i bhforfheidhmiú na scéime agus rinneadh moltaí leis maidir leis na gnásanna atá i bhfeidhm sa Roinn chun

- deonú tosaíochta an mhaoinithe, agus an t-athbhreithniú air chomh maith
- an gaol atá idir an Roinn agus Pobal, agus idir ise agus deontaithe, trí Chomhaontuithe Seirbhíse a chur i bhfeidhm
- monatóireacht iaríocaíochta, lena n-áirítear athbhreithnithe bliantúla níos struchtúrtha ar chaiteachas deontaí agus ar aschuir chomh maith le tástáil chun deimhniú go gcomhlíontar le coinníollacha deontais.

Táthar tar éis glacadh leis na moltaí go léir a thug Iniúchóireacht Inmheánach agus tá siad á gcur í gcrích.

*Rialú ar mhionairgead*

Aithníodh in iniúchadh de chuid na gcuntas airgeadais 2015 laigí i rialú na Roinne maidir le mionairgead. Rinneadh iarmhéid neamhréitithe de €18,902 a shainaithint agus a tharchur chuig cuntas fionraí ar feitheamh le críochnú iniúchtaí Iniúchóireachta Inmheánach.

Le linn 2017 rinne Iniúchadh Inmheánaigh dhá athbhreithniú agus roinnt moltaí i leith feabhsaithe do rialú na Roinne ar mhionairgead. I measc na moltaí sin, moladh go ndéanfar leasú ar pholasaí um mionairgead na Roinne, nach aisíocfar airgead ach amháin más rud é go dtabharfaí admháil nó sonrasc ar fáil, go gcuirfear teorannacha i bhfeidhm ar theacht ar thaisceadán an mhionairgid agus go ndéanfar an t-airgead tirim a chomhaireamh go rialta.

Táthar tar éis na moltaí uile a thug Iniúchóireacht Inmheánach a chur i ngníomh agus tá an Roinn sásta go gcosnódh na gnásanna rialaithe atá i bhfeidhm inti anois i leith mionairgid i gcoinne na faidhbe, ionas nach dtarlódh den athuair é.

Díscríobhadh an t-iarmhéid neamhréitithe de €18,902 in 2017 faoi cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Féach Nóta 6.6.)

*Saincheist aoisliúntais*

Tugadh le fios san iniúchadh ar chuntas airgeadais Údarás Uchtála na hÉireann do 2016 go raibh an eagraíocht sin ag íoc costais phinsin bhaill foirne ar iasacht leis an Roinn de dhearmad, agus go ndearna an Roinn na ranníocaíochtaí sin a tharchur chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina dhiaidh sin.

Suas go dtí 2013, bhí ranníocaíochtaí dlite maidir le fostaithe ar iasacht.  Ina dhiaidh an dáta sin, áfach, d'fhill na baill foirne a bhí ar iasacht ar ais chuig a máthair-roinn nó rinneadh iad ina mbaill den Údarás Uchtála.  De thoradh air sin, ba cheart gur cuireadh deireadh le costais phinsin ball foirne iasachta.  In 2017, d'íoc an tÚdarás Uchtála €307,000 leis an Roinn i dtaca leis sin. Táthar tar éis deireadh a chur leis an gcleachtas agus tá an Roinn tar éis a roghnú gan iarraidh ar an airgead seo a fháil ar ais.

*Goid de chistí caife 'bosca macántachta'*

Déanach in 2017, thuairiscigh oifigeach sa Roinn don bhainistíocht líne go raibh suim airgid a bhí íoctha ar bhonn deonach ag na baill foirne i gcomhair caife agus deochanna tar éis dul in easnamh. Cheannaigh an Roinn soláthairtí ceaintín agus chuir an fhoireann ranníocaíochtaí deonacha chun cur leis na costais sin.

Rinne Iniúchóireacht Inmheánach iniúcha ar an gceist agus mheas gurbh ionann an méid a cailleadh é agus timpeall €3,000. Rinne an Iniúchóireacht Inmheánach roinnt moltaí chun cur leis na rialaithe cuntasaíocht agus slándála a ghlac an bhainisteoireacht leo i dtaca leis an airgead tirim chun caife a cheannach. Tá an Garda Síochána ag déanamh cigireacht ar an ábhar seo chomh maith.

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

20 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Leanaí agus Gnóthaí Óige agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Clár Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh | | 742,688 | 739,591 | 704,592 |
| B | Cláir Earnála le haghaidh Leanaí agus an tAos Óg | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 539,596 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,640 | | | |
| | | | 541,236 | 488,352 | 366,637 |
| C | Clár Polasaithe agus Reachtaíochta | | 28,752 | 22,041 | 17,199 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 1,311,036 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,640 | | | |
| | | | **1,312,676** | **1,249,984** | **1,088,428** |
| | *Lúide* | | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **25,012** | **21,024** | **22,007** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 1,286,024 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,640 | | | |
| | | | **1,287,664** | **1,228,960** | **1,066,421** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn le bheith curtha le caiteachas na bliana ina dhiaidh.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 58,704,416 | 50,105,001 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (1,640,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **58,704,416** | **48,465,001** |

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
20 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 1,237,392 | 1,077,770 |
| Pá | | 11,048 | 9,361 |
| Neamhphá | | 1, 544 | 1,297 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,249,984** | **1,088,428** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **21,024** | **22,007** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,228,960** | **1,066,421** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (344) | | |
| Dímheas | 1,235 | | |
| | | 891 | (167) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | 6,340 | | |
| Laghdú ar stoc | 26 | | |
| | | 6,366 | (2,688) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,236,217** | **1,063,566** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 6,799 | 2,663 |
| **Glanchostas chláir** | | **1,243,016** | **1,066,229** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 40 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 105 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 774 | 342 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 5,841 | 2,242 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Chomhroinnte | m | 79 | 49 |
| | | **6,799** | **2,663** |

Tugann ‘m’ le fios gur luach measta nó gur costas cionroinnte atá san uimhir.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **55,607** | **56,457** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 492 | 744 |
| Stoic | 2.4 | 23 | 49 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,221 | 8,545 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 845 | 678 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,581** | **10,016** |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 415 | 399 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,136 | 88 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 201 | 1,334 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,752** | **1,821** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,829** | **8,195** |
| **Glansócmhainní** | | **57,436** | **64,652** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **57,436** | **64,652** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Iarmhéid ag 1 Eanáir** | | | 64,652 | 60,679 |
| Coigeartú (féach nóta 2.2) | 2.2 | | 41 | 1,118 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 1,287,664 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | — | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (58,704) | | |
| Vóta glan | | | 1,228,960 | 1,066,421 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 6,799 | 2,663 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (1,243,016) | (1,066,229) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **57,436** | **64,652** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Tailte agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán, feistis agus mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 57,414 | 747 | 650 | 58,811 |
| Coigeartú [1] | — | — | 41 | 41 |
| Breiseanna | 167 | 103 | 74 | 344 |
| Diúscairtí | — | (6) | — | (6) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 57,581 | 844 | 765 | 59,190 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 1,126 | 684 | 544 | 2,354 |
| Dímheas don bhliain | 1,152 | 42 | 41 | 1,235 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (6) | — | (6) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 2,278 | 720 | 585 | 3,583 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **55,303** | **124** | **180** | **55,607** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 56,288 | 63 | 106 | 56,457 |

[1] In 2015, aistríodh na sócmhainní atá curtha i bhfeidhm i gCampas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh, ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go dtí an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Rinneadh cúpla sócmhainn mótarfheithicle a fhágáil ar lár de dhearmad. Táthar tar éis iad sin a chur in oiriúint in 2017. B'ionann luach an choigeartuithe amhail an 1 Eanáir 2017 agus €41,000.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 484 | 731 |
| iarmhéid bainc tráchtála | 8 | 13 |
| | **492** | **744** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 17 | 29 |
| Tomhaltáin TF | 6 | 20 |
| | **23** | **49** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airleacain don OOP (OPW) | 776 | 654 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 61 | 17 |
| Taisteal in-fhorchúitithe | 6 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 2 | 7 |
| | **845** | **678** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 42 | 29 |
| Cáin Bhreisluacha | 436 | 18 |
| Pinsin | 4 | 2 |
| Asbhaintí párolla | 477 | — |
| Caiteachas Infhorchúitithe ar Scéim na bPas Taistil | 14 | (34) |
| | 973 | 15 |
| Earraí eile fionraí sochair | 163 | 73 |
| | **1,136** | **88** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 58,704 | 48,465 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 1,640 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (58,503) | (48,771) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **201** | **1,334** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 492 | 744 |
| Iarmhéideanna dochair | 845 | 678 |
| | 1,337 | 1,422 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Dlite don Stát | (973) | (15) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (163) | (73) |
| | (1,136) | (88) |
| | **201** | **1,334** |

## 2.9 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 8,446 | 12,403 |
| Cláir dheontais | 48 | 24 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | **8,494** | **12,427** |

| **b) Cláir deontais chaipitil** | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | — | — |
| Deontais íoctha sa bhliain | (20,190) | (8,729) |
| Dídhílsithe deontais nua | 20,190 | 8,729 |
| Aisghlámadh deontais | — | — |
| Iarmhéid deiridh | **—** | **—** |

**c) Ceangaltais mhóra chaipitil**

(tionscadail a chostáil €6,350,000 nó breis ar sin)

| | Caiteachas carnach ag 31 Nollaig 2016 | Caiteachas i 2017 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2017 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Campas Coinneála Náisiúnta do Leanaí | 54,333 | 167 | 1,940 | 56,440 | 56,440 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fotheidil

### Anailís an chaiteachas riaracháin

Sa nóta seo a leanas léirítear anailís den chaiteachas riaracháin faoin Vóta agus breactar amach ann na cúiseanna atá leis na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá an caiteachas riaracháin tar cionroinnte thar na cláir go léir, chun na costais iomlán a láithriú.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 12,440 | 11,048 | 9,361 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 238 | 136 | 112 |
| iii | Costais theagmhasach atá i gceist leis an Oiliúint agus an bhForbairt | 577 | 370 | 288 |
| Iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 186 | 160 | 112 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 326 | 310 | 188 |
| vi | Costais áitribh oifige | 526 | 419 | 528 |
| vii | Comhairleacht agus seirbhísí eile | 276 | 149 | 69 |
| | | **14,569** | **12,592** | **10,658** |

**Athruithe suntasacha**

i *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €12.440 milliún, toradh: €11.048 milliún

Go bunúsach, is éard is cúis leis an difríocht de €1.392 milliún ar thuarastail, ar phá agus ar dheontais ná ceisteanna a bhaineann le tráthúlacht maidir le hearcaíocht phost nua agus líonadh liúntais a bhí ann. Ós rud é nach é an dhéanann an Roinn a dhéanann an earcaíocht, ginearálta agus speisialta araon, níl an tráthúlacht a bhaineann leis an earcaíocht faoi rialú na Roinne, den chuid is mó.

ii *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar mheastacháin: €0.238 milliún, toradh: €0.136 milliún

Is é is cúis leis an difríocht de €0.102 milliún ar chaiteachas ar thaisteal agus cothabháil ná meascán de ghníomhaíocht earcaíochta a bhí ní ba hísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus an ceanglas go ndéantar soláthar leordhóthanach don chaiteachas a bhfuil gá leis. De bharr a nádúr féin, bíonn meastacháin maidir le Taisteal agus cothabhála deacair a mheas bliain ar bhliain.

iii *Costais theagmhasach atá i gceist leis an Oiliúint agus an bhForbairt*

Soláthar mheastacháin: €0.577 milliún, toradh: €0.370 milliún

Is éard is cúis leis an difríocht de €0.207 milliún sa chaiteachtas ar oiliúint agus forbairt agus ar chostas teagmhasach ná na costais theagmhasacha, go príomha (difríocht de €165k). Bíonn an-éagsúlacht i gceist leo siúd agus bíonn sé deacair réamhbheartaíocht a dhéanamh agus a chur in áireamh i leith an fionnachtain, na fógraíochta, cíosanna ar sheomraí, an aistriúcháin agus costais a bhaineann leis an siamsaíocht. Baineann an t-iarmhéid (difríocht de €42k) leis an oiliúint agus an bhforbairt, agus is éard is cúis leis sin ná earcaíocht ní ba mhoille ná mar a bhí beartaithe leis agus moillithe sa leathadh amach den tsamhail sheirbhíse comhroinnte 'One Learning' ar fud na Státseirbhíse.

vii *Comhairleacht agus seirbhísí eile*

Soláthar mheastacháin: €0.276 milliún, toradh: €0.149 milliún

Is é is cúis leis an difríocht de €0.127 milliún ar caiteachas, go príomhach, ná na costais comhairliúcháin tacaíochta sheachtracha a bhaineann le hathbhreithnithe ar iniúchadh inmheánach atá i bhfad níos hísle ná mar a réamhbheartaithe leis. Tharla sé seo mar thoradh ar acmhainní feabhsaithe a bheith leithdháilte don Iniúchóireacht Inmheánach sa Roinn.

## Clár A Clár Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 3,359 | 2,811 | 2,448 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 574 | 344 | 279 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 712,895 | 712,693 | 678,996 |
| A.4 | Ceartas Óige – Campas Coinneála do Leanaí | 25,860 | 23,743 | 22,869 |
| | | **742,688** | **739,591** | **704,592** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €3.09 milliún ní b’ísle ná mar a bhí foráilte i dtosach. Bhain €0.77 milliún de sin le caiteachas riaracháin a bhfuiltear tar éis míniúchán a thabhairt air cheana agus, den chuid is mó, ba iad na nithe seo a leanas ba chúis leis an difríocht de €2.32 milliún:

A.4 *Ceartas Óige – Campas Coinneála do Leanaí*

Soláthar mheastacháin: €25.86 milliún, toradh: €23.74 milliún

Den chuid is mó, is éard ba chúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €2.1 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán ná leibhéal laghdaithe de chaiteachas caipitil ná mar a bhíothas ag súil leis roimhe, rud a d’fhág gur cuireadh moill ar críoch a chur ar chuntas deiridh Champas Bhaile an Oibricigh.

## Clár B Cláir Earnála le haghaidh Leanaí agus an tAos Óg

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán - pá | | 3,359 | 3,173 | 2,581 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 574 | 334 | 286 |
| B.3 | Clár réamhscoile bhliain CÓLÓ | | 329,500 | 297,136 | 223,751 |
| B.4 | Cláir ghinearálta um chúram leanaí | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 126,158 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,640 | | | |
| | | | 127,798 | 112,758 | 74,755 |
| B.5 | Tionscnaimh chúram leanaí (airgead-teoranta) | | 8,363 | 6,339 | 6,462 |
| B.6 | Ógeagraíochtaí agus Seirbhísí Ógra (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 60,395 | 62,747 | 53,607 |
| B.7 | Clár luathóige bunaithe sa cheantar | | 5,800 | 4,183 | 3,650 |
| B.8 | Cláir idirghabhála do leanaí agus do dhaoine (maoinithe ag na cuntais díomhaoine) | | 5,166 | 1,098 | 1,545 |
| B.9 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | 281 | 584 | --- |
| | | | **541,236** | **488,352** | **366,637** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €52.884 milliún ní b'ísle ná mar a bhí foráilte i dtosach. Bhain €0.426 milliún de sin le caiteachas riaracháin a bhfuiltear tar éis míniúchán a thabhairt air cheana agus, den chuid is mó, ba iad na nithe seo a leanas ba chúis leis an difríocht de €52.458 milliún:

*B.3 Clár réamhscoile bhliain CÓLÓ*

Soláthar mheastacháin: €329.5 milliún, toradh: €297.136 milliún

Go príomha, is é is cúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €32.364 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán ná sprioceasnamh sa Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (CÓLÓ) (€21.164 milliún) agus i Scéim na Samhla um Rochtain agus Ionchuimhsiú Tús Feabhsaithe (AIM) (€10.2 milliún).

Go stairiúil, rinneadh soláthar maidir le COLÓ le haghaidh ráta glactha de 95%. I 2017, cuireadh athruithe i gcrích leis an scéim, lena n-áirítear córas iontrála trí pointe, agus rinneadh soláthar do ráta glactha 100%. Ní raibh sa ráta glactha iarbhír ach 94%, mar an gcéanna le blianta roimhe sin. Cuireadh leis sin chomh maith nuair a rinneadh rómheastúchán ar an líon ar rolla ag an tréimhse chláraithe deireanach in Aibreán 2017. Rinneadh soláthar do 15,444 spás in Aibreán 2017 ach ní dheachaigh ach 8,404 leis.

Bhí tionchar ag an líon ar rolla a bhí na ba hísle ná mar a bhíothas ag súil leis sa scéim CÓLÓ ar an gcaiteachas ar an scéim AIM chomh maith. D'fhág an sprioceasnamh sa líon ar rolla le CÓLÓ gur tháinig laghdú ar an idirghabháil a dhéanann soláthraithe réamhscolaíochta agus tuismitheoirí in AIM, agus éileamh tosaigh níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis, agus sprioceasnamh sa líon íocaíochtaí caipitíochta a bhí réamh-mheasta maidir leis na Comhordaitheoirí Cuimsiúcháin. Ina theannta sin, iarchuireadh an oiliúint de shaineolaithe oiliúna breise go dtí 2018, mar thoradh ar moillí i bhforbairt oiliúna faoin AIM leibhéal 3. Ar an iomlán bhí ráta lenar chuaigh leis an scéim ar aon dul leis na blianta roimhe seo. Rinneadh athruithe ar na pointí iontrála i 2017, agus d'fhág sé sin go ndearnadh an méid éileamh ar áiteanna ann a rómheas faoi 100%

*B.4 Cláir ghinearálta um chúram leanaí*

Soláthar mheastacháin: €127.798 milliún, toradh: €112.758 milliún

Go príomha, is é is cúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €15.04 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán ná rannpháirtíocht ní ba hísle ná mar a rabhthas ag súil leis ar fud na cláir éilimh-tiomáinte sin, an teanntaíocht Cúram Leanaí Pobail (CCS) agus an clár um Tacaíochtaí Oiliúna um an Oideachas Pobail sa tréimhse idir Eanáir agus Iúil 2017. B'ionann an líon clárúchán ar leith do CCS, de réir sonraí an daonáirimh 2016 a bhí réamh-mheasta agus 30,000 agus níor tharla ach 25,530 clárúchán (€13.04 milliún). Ar aon dul leis sin, b'ionann an líon clárúchán ar leith do CETS a bhí réamh-mheasta agus 5,100 agus tharla 4,032 (€2 milliún).

*B.5 Tionscnaimh chúram leanaí (airgid-teoranta)*

Soláthar mheastacháin: €8.363 milliún, toradh: €6.339 milliún

Is é ba chúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €2.024 milliún i gcoibhneas leis an tsuim soláthraithe sa mheastachán ná an fhíoras nach ndearnadh aon mhaoiniú a leithdháileadh don bhfocheannteideal seo le haghaidh fhorbairt agus bhunaíocht na Scéime Cúram Leanaí Inacmhainne. Ba de réir an moill ar chríoch a chur ar Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne amháin, dá reir sin, a tharla an difríocht sa caiteachas, go príomha. De réir mar a cuireadh moill ar leathadh amach an tionscnamh ACS, ní raibh a leis an méid céanna maoinithe forbartha agus tacaíochta chun na críche seo.

*B.7 Clár luathóige bunaithe sa cheantar*

Soláthar mheastacháin: €5.8 milliún, toradh: €4.183 milliún

Is é is chúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €1.617 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán ná go raibh níos lú maoiniú ón Státchiste de dhíth ar na láithreáin ABC toisc gur éirigh leo teacht ar chomh-mhaoiniú iarmharach ó Atlantic Philantropies.

*B.8 Cláir idirghabhála do leanaí agus do dhaoine (maoinithe ag na cuntais díomhaoine)*

Soláthar mheastacháin: €5.166 milliún, toradh: €1.098 milliún

Is é is príomhchúis leis an sprioceasnamh sa chaiteachas de €4.068 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin ná an Tionscnamh um Fhorbairt Cáilíochtaí agus Acmhainne (QCBI)

Táthar tar éis an QCBI a fhorbairt chun cur chuige comhordaithe chun cur leis an toirt, an t-eolas agus an caighdeán maidir le cosc agus luath-idirghabháil do leanaí, don aos óg agus dá dteaghlaigh, agus béim aige ar iadsan atá i mbaol go mbeidh torthaí dona acu as. Is é croílár an tionscaimh an dúil chun cur leis an bhfoghlaim leanúnach i measc iadsan a shaothraíonn ar mhaithe le leas leanaí agus aos óg na hÉireann. Is é is aidhm leis ná tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí príomhúla a oibríonn le leanaí, leis an aos óg agus le teaghlaigh chun fáil amach cad a oibríonn, conas a oibríonn sé, agus chun cur chuige fianaisebhunaithe a chur ar fáil le haghaidh na hoibre seo.

Is tionscnamh uaillmhianach é an QCBI chun a dheimhniu go ndéanfar an t-eolas a bhfoghlaimeofar ón tionscnamh um Aois an Linbh Ceantarbhunaithe bunúsach agus ó chláir eile dá leithéid a dhaingniú agus iad a chur chun sochair mar réimsí polasaithe agus seirbhíse.

Fágadh go raibh imthosca maolaitheacha sa riarachán maoiniúcháin faoin QCBI mar gheall ar an méid ama a tógadh chun forbairt a dhéanamh ó dhearadh go soláthar. Tharla sé seo de thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin a chuir an tAire tús leis, a lean ar aghaidh níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis chun teacht chun críche agus a d’fhág, sna sála air sin, gurbh éigean do thionscadail agus d’íocaíochtaí faoin QCBI a bheith iarchurtha.

*B.9 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas*

Soláthar mheastacháin: €0.281 milliún, toradh: €0.584 milliún

Is é is cúis leis an caiteachas breise de €0.303 milliún i gcoibhneas leis an méid a bhí soláthraithe sa mheastachán ná éilimh nach rabhthas ag súil leo ar Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB) mar gheall ar thionscnaimh i 2017. Is é seo an chéad bhliain lenar íoc PEUPB íocaíochtaí faoin gClár le haghaidh Leanaí agus an tAos Óg. Úsáideadh an caiteachas breise chun tacaíocht a thabhair do ‘gCuspóir Tosaíochta don Aos Óg’ faoin gClár AE.

Táthar tar éis an méid breise sin a shocrú mar gheall ar thearc-chaithimh a tharla laistigh den gClár um Chúram Leanaí (Focheannteideal B.4). Dá réir sin, is ionann an leithdháileachán leasuithe don gClár um Shíochán i mbliana agus €0.6 milliún. Fuair an tAonad Airgeadais sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an ceadú foirmeálta ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as an vírmint den chistiú breise.

## Clár C Clár Polasaithe agus Reachtaíochta

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | 5,722 | 5,064 | 4,332 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 981 | 865 | 732 |
| C.3 | Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha | 889 | 59 | — |
| C.4 | An Staidéar Fadaimseartha ar Leanaí agus cláir thaighde eile | 4,783 | 4,135 | 1,470 |
| C.5 | Creat polasaithe do leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 4,160 | 3,691 | 3,146 |
| C.6 | Údarás Uchtála na hÉireann | 3,840 | 3,384 | 3,401 |
| C.7 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2,360 | 2,150 | 1,800 |
| C.8 | Coimisiún Imscrúdúcháin | 6,017 | 2,693 | 2,318 |
| | | **28,752** | **22,041** | **17,199** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €6.7 milliún ní b'ísle ná mar a bhí foráilte i dtosach. Bhain €0.8 milliún de sin le caiteachas riaracháin a bhfuiltear tar éis míniúchán a thabhairt air cheana agus, den chuid is mó, ba iad na nithe seo a leanas ba chúis leis an difríocht de €5.9 milliún:

*C.3 Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha*

Soláthar mheastacháin: €0.9 milliún, toradh: €0.06 milliún

Is é is cúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €0.84 milliún i gcoibhneas leis an tsuim a bhí soláthraithe sa mheastachán ná nach bhfuil an dliteanas maidir leis na costais a bhaineann le Reifreann na Leanaí socraithe go fóill.

*C.4 An Staidéar Fadaimseartha ar Leanaí agus cláir thaighde eile*

Soláthar mheastacháin: €4.78 milliún, toradh: €4.14 milliún

Is é is cúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €0.6 milliún i gcoibhneas leis an tsuim a bhí soláthraithe sa mheastachán ná athcheartú a rinneadh ar an sceideal d'íocaíochtaí as saothar allamuigh a rinne an ESRI don Staidéar Fadama Náisiúnta (€0.4 milliún) agus moillithe a tharla i staidéir eile de thoradh ar moill follúntas taighdeora a líonadh (€0.2 milliún).

*C.5 Creat polasaithe do leanaí agus daoine óga agus cláir eile*

Soláthar mheastacháin: €4.2 milliún, toradh: €3.7 milliún

Is é is cúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €0.5 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán ná na tearc-chaithimh a bhí ann i réimsí áirithe ach go háirithe maidir le Tús Áite do Leanaí (€0.2 milliún), CES (€0.1 milliún) agus RíomhFhoghlaim Tusla (€0.1 milliún).

*C.6 Údarás Uchtála na hÉireann*

Soláthar mheastacháin: €3.8 milliún, toradh: €3.4 milliún

Is é is cúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €0.4 milliún i gcoibhneas leis an tsuim a bhí soláthraithe sa mheastachán ná nár réadaíodh na costais a bhaineann le faisnéis agus rianú, agus, ina theannta sin, gur tharla an earcaíocht ní ba moille ná mar a bhí réamh-mheasta.

*C.7 Oifig an Ombudsman*

Soláthar mheastacháin: €2.4 milliún, toradh: €2.2 milliún

Is é is cúis, go bunúsach, leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €0.2 milliún i gcoibhneas leis an tsuim a bhí soláthraithe sa mheastachán ná ráta earcaíochta a bhí ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis.

*C.8 Coimisiún Imscrúdúcháin (Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Áirithe Gaolmhara)*

Soláthar mheastacháin: €6 milliún, toradh: €2.7 milliún

Is é is cúis leis an sprioceasnamh i gcaiteachas de €3.3 milliún i gcoibhneas leis an tsuim a bhí soláthraithe sa mheastachán ná costais a bhí ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo. Táthar tar éis téarma an Choimisiúin, a bunaíodh é i 2015, a síneadh amach.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 9,070 | 8,723 | 8,723 |
| 2 | Scéim aoisliúntais - foireann neamh-mhúinteoireachta Champas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh | 550 | 551 | 536 |
| 3 | Scéim aoisliúntais – Údarás Uchtála na hÉireann | 1 | — | — |
| 4 | Scéim aoisliúntais – Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2 | — | — |
| 5 | Nithe ilghnéitheacha | 874 | 789 | 974 |
| 6 | Maoiniú na gcuntas díomhaoin | 5,166 | 1,098 | 1,545 |
| 7 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 9,349 | 9,863 | 10,229 |
| | **Iomlán** | **25,012** | **21,024** | **22,007** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €4 milliún ní ba lú na ná mar a bhí réamh-mheasta.

Is iad na míniúcháin atá ann leis na difríochtaí suntasacha:

5 *Nithe Ilghnéitheacha*

Soláthar mheastacháin: €0.874 milliún, toradh: €0.789 milliún.

Is é is príomhchúis leis an sprioceasnamh de €0.085 milliún, ná go raibh fáltais ilghnéitheacha Tusla, atá inaithritheach, de bharr a nádúr, níos ísle ná mar a bhíothas ag súil (difríocht de €0.112 milliún).

6 *Maoiniú na gcuntas díomhaoin*

Soláthar mheastacháin: €5.166 milliún, toradh: €1.098 milliún.

Is é is príomhchúis leis an sprioceasnamh de €4.068 milliún, ná gur thug an próiseas comhairliúcháin den Tionscnamh um Fhorbairt Cáilíochtaí agus Acmhainne (QCBI) (€3 milliún) níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis i 2017, agus toisc gur d'fhág sé sin go raibh an caiteachas níos íseal ná mar a bhíothas ag súil leis, agus dá réir go raibh laghdú sna fáltais.

7 *Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €9.349 milliún, toradh: €9.863 milliún.

Is éard is príomhchúis leis an mbarrachas de €0.514 milliún ná na fáltais ó Tusla (difríocht de €0.439 milliún) gurb é is cúis leo ná an soláthar foirne méadaithe.

## 4.2 Fáltais bhreise a bhí iníoctha leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | --- | — |
| Receipts[1] | 2,625 | 2,419 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (2,515) | (2,419) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 110 | — |

[1] Rinneadh €2.515 milliún a aistriú chuig an Státchiste i mí na Nollag 2017. Bhain na suimeanna le aisíocaíochtaí a fuarthas ó na comhlachtaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Tusla | 1,498 |
| Pobal | 731 |
| Boírd Oideachais agus Oiliúna | 92 |
| Eile – Bord Óige Chathair Bhaile Átha Cliath, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn & Comhairlí Contae | 194 |
| | 2,515 |

Baineann an t-iarmhéid de €0.11 milliún ag deireadh bliana le haisíocaíochtaí roimh 2017 ó Pobal agus le fáltais eile ó na Borid Oideachais agus Oiliúna.

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| An Roinn | 230 | 178 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin | 23 | 22 |
| Gníomhaireachtaí (nóta 5.4) | 3,976 | 3,882 |
| | **4,229** | **4,082** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 11,388 | 9,926 |
| Liúntas ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 104 | 101 |
| Ragobair | 19 | 31 |
| ÁSPC an Fhostóra | 785 | 622 |
| **Pá Iomlán**[1] | **12,296** | **10,680** |

[1] Tá an figiúr iomlán pá dáilte thar fho-cheannteidil A1, B1, C1 agus C8.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An Íocaíocht aonair is airde 2017 € | An Íocaíocht aonair is airde 2016 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 17 | 2 | 20,613 | 17,949 |
| Liúntais eile | 4 | — | 113 | 112 |
| Ragobair | 8 | — | 8,374 | 7,197 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3 | 1 | 11,114 | 10,130 |

Baineann pá, liúntais agus luach saothair eile atá mionsonraithe thuas le foireann na Roinne a íoctar iad go díreach ón mbuiséad riaracháin faoi chláir A, B agus C den Vóta.

## 5.4 Fostaithe agus pá gníomhaireachtaí

Ní idirbheart airgeadais a bhaineann go díreach leis an Roinn é an caiteachas ar phá de na gníomhaireachtaí. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i dtaca le gníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla/tuarascálacha bliantúla nó díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | **€000** | **€000** |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 3,696 | 3,597 |
| Campas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh | 245 | 247 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 22 | 24 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 13 | 14 |
| **Iomlán** | **3,976** | **3,882** |

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Pá** | | |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, | 259,043 | 239,081 |
| Campas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh | 14,289 | 18,490 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 1,493 | 1,583 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 911 | 826 |
| **Pá Iomlán** | **275,736** | **259,980** |

## 5.5 Ró-Íocaíochtaí párolla

B'ionann na ró-íocaíochtaí párolla maidir le foireann na Roinne agus an Choimisiúin Imscrúdúcháin ag deireadh na bliana agus €29,645 (17 gcás) (2016: €19,522, (17 gcás)). Dóibh siúd, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le €9,975 (7 gcás).

Tá PeoplePoint tar éis a chur in iúl don Roinn ó dheireadh na bliana go bhfuil pleananna aisghabhála socruithe do na 10 gcás atá fágtha.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Cistiú ón gcrannchur náisiúnta

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Fotheideal** | **Cuir síos** | | |
| B.6 | Ógeagraíochtaí agus seirbhísí ógra (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 62,747 | 53,607 |

Tá sonraí a bhaineann le faighteoirí aonair an mhaoinithe agus na suimeanna a íocadh amach ar fáil ón Aonad Gnóthaí Óige den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag feitheamh ar fhoilsiú na faisnéise ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## 6.2 Íocaíochtaí le Pobal

De réir bheartas cuntasaíochta na Roinne, cuireadh an glanmhéid a aistríodh le Pobal sa bhliain (€426 milliún) chun dochair na bhfocheannteideal ábhartha mar atá leagtha amach thíos.

I Nollaig 2017, d’aisíoc Pobal maoiniú leis an Roinn de €10.872 milliún san iomlán. Bhain €10.771 milliún de sin leis an mbliain reatha agus tugadh ar ais é do na fo-cheannlíne ábhartha. Tugadh an €0.11 milliún a bhí fágtha sa bhreis ar ais mar EER.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| | **Focheannteideal** | | |
| B.3 | Clár réamhscoile bhliain CÓLÓ | 293,287 | 126,906 |
| B.4 | Cláir ghinearálta um chúram leanaí | 110,707 | 73,646 |
| B.5 | Tionscnaimh chúram leanaí (airgead-teoranta) | 6,065 | 6,462 |
| B.6 | Ógeagraíochtaí agus seirbhísí ógra (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 10,685 | 10,276 |
| B.7 | Clár luathóige bunaithe sa cheantar | 4,144 | 3,650 |
| B.8 | Cláir idirghabhála do leanaí agus do dhaoine (maoinithe ag na cuntais díomhaoine) | 100 | 1,030 |
| C.5 | Creat polasaithe do leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 1,228 | 640 |
| | An tIomlán íoctha do Pobal | **426,216** | **222,610** |

Riarann Pobal líon mór clár deontais thar ceann na Roinne. Ag 31 Nollaig 2017, bhí tiomantais dheontais gurbh ionann iad agus €2.1 milliún san iomlán a bhain le cláir a riaradh iad thar ceann na Roinne.

## 6.3 Costais chúitimh agus dlí

Ní bhaineann costais dhlíthiúla ach amháin leis an tsaoráid sa Champas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh agus cuirtear san áireamh iad i bhfocheannteideal A4. Cé gur maoinítear an tsaoráid seo faoi Vóta na Roinne, feidhmíonn sí go neamhspleách ón Roinn. Áirítear na mionsonraí maidir le fostaithe an Champais faoi nóta 5.4 Foireann Ghníomhaireachta.

## 6.4 Dliteanas teagmhasach

Tiocfaidh dliteanais chun cinn mar gheall ar an agóid dhlíthiúil i dtaca le toradh an Reifrinn do Leanaí. Bhronn an Ard-Chúirt aon trian dá costais dlí ar an achainíoch i mí na Samhna 2013 ach tá an méid iarbhír agus uainiú na híocaíochta fós le socrú. Tá an achomharc tar éis a bheith déanta ar an gceist seo sa Chúirt Uachtarach agus tá an Roinn ag feitheamh i láthair na huaire ar scéala ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit maidir leis an gcás.

## 6.5 Coimisiún imscrúdúcháin

Bunaíodh an Coimisiún Imscrúdaithe faoi Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Gaolmhara Áirithe an 17 Feabhra 2015 de bhun fhorálacha an Ordaithe um an Coimisiún Imscrúdaithe (faoi Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Gaolmhara Áirithe 2015 (I.R. Uimh. 57 de 2015).

Leis an gcaiteachas in C8, áirítear €1.247 milliún maidir le costais phá an Choimisiúin Fhiosrúcháin.

| | Bliain an choinne | Caiteachas carnach amhail deireadh 2017 | Toradh in 2017 | Toradh in 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.8 An Coimisiún Imscrúdúcháin – Árais Máithreacha agus Naíonán | 2015 | 6,686 | 2,693 | 2,318 |

## 6.6 Díscríobhaí

Rinneadh na míreanna seo a leanas a díscríobh le linn na bliana:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid Mionairgid | 19 | — |
| Iarmhéideanna Taistil Infhorchúitithe | 6 | — |
| Iarmhéid Cuntais Fionraí Ginearálta | 1 | — |

## 6.7 Costais eadrána agus comhréitigh

Níor tabhaíodh aon Chostais eadrána nó costais chomhréitigh i 2017.

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit agus a dhéanann an Roinn iad a bhainistiú nach bhfuil luacháil déanta orthu

Ní dhéanann an Roinn bainistíocht ná rialú ar aon thalamh nó foirgnimh nach bhfuil aon luacháil déanta orthu.

## Aguisín B Cuntas comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige

Sa tábla thíos luaitear na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil oibleagáid ag an Roinn ráitis airgid a chur i láthair ina leith. Tugtar le fios ann, amhail ar an dáta sínithe, an tréimhse i gceist lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is deireanaí chomh maith leis an tráth inar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| **Ciste Comhlachta/ Rannach** | **Tréimhse chuntasaíochta dheireanach** | **Dáta na tuarascála iniúchóra** | **Dáta ar a bhfuair an tAire / an Roinn é** | **Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais** |
|---|---:|---:|---:|---:|
| Campas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 17 Eanáir 2018 | 7 Márta 2018 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 22 Márta 2018 | 6 Aibreán 2018 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2016 | 8 Nollaig 2017 | 10 Eanáir 2018 | 6 Márta 2018 |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, | 2017 | 29 Meitheamh 2018 | 3 Iúil 2018 | 16 Iúil 2018 |